OIFIG AN OMBUDSMAN PREASA

Conas gearán a dhéanamh faoi nuachtán nó faoi thréimhseachán

Cad é Oifig an Ombudsman Preasa?

Tá Oifig an Ombudsman Preasa mar pháirt de chóras nua de rialachán neamhspleách do na meáin chlóite. Is é an aidhm atá ag an Ombudsman Preasa ná modh tapa, cothrom agus saor in aisce a sholáthar do léitheoirí chun aon ghearán atá acu maidir le nuachtáin agus tréimhseacháin, lena bhféadfadh sárú ar Chóid Chleachtais a bheith i gceist, a réiteach. Is athrú mór é seo ar an scéal roimhe seo, nuair nach raibh de rogha ag gearánaigh go minic ach gníomhartha costasacha fadálacha dlí.

Nuair a fhaigheann an Oifig gearáin ó bhaill den phobal déanfaidh sí machnamh ar a mbailíocht, agus ansin féachfaidh sí le hiad a shocrú, trí idir-réiteach, sa dóigh is go mbeidh gach duine lena mbaineann siad sásta. Cé go ndéanfaidh An tOmbudsman féin an mhórchuid de na gearáin a láimhseáil, tá an rogha aige roinnt cás suntasach nó coimpléascach a chur ar aghaidh chuig Comhairle Preasa na hÉireann le haghaidh cinnidh.

Cad é Comhairle Preasa na hÉireann?

Is é Comhairle Preasa na hÉireann an foras a cheapann an tOmbudsman Preasa ina phost. Déanann sí cinntí i gcásanna a atreoraíonn an tOmbudsman chuici. Déanann sí cinntí chomh maith ar achomhairc ag baint le cinntí an Ombudsman.

Cad é an Cód Cleachtais nua?

Tá 10 bprionsabal ag baint leis an gCód Cleachtais nua dona bhfuil gealltanas ceangailteach tugtha ag tionscal an phreasa. Tá dualgas ar gach ball de thionscal an phreasa na caighdeáin ghairmiúla is airde a chothú, agus leagann an Cód seo pointe cóimheasa na gcaighdeán sin síos. Cosnaíonn sé cearta an duine aonair agus cearta an phreasa féin, cearta a fheidhmítear thar ceann an phobail. Tá an Cód Cleachtais leagtha amach ina iomláine ar leathanaigh 5 go 7.

Cad faoi ar féidir liom gearán a dhéanamh?

Is féidir leat gearán a dhéanamh faoi aon alt a fheiceann tú i nuachtán nó i dtréimhseachán a foilsíodh in Éirinn, a sháraíonn, dar leat, an Cód Cleachtais. Tá gach nuachtán laethúil agus Domhnaigh san áireamh anseo, chomh maith le leaganacha Éireannacha de nuachtáin na Breataine, nuachtáin chúige agus réigiúnacha, agus tréimhseacháin a foilsíodh in Éirinn. Is féidir leat gearán a dhéanamh chomh maith faoi iompraíocht iriseora má shíleann tú go bhfuil sárú ar an gCód ag baint leis an iompraíocht seo. Caithfidh gearán oifig an Ombudsman Preasa a shroicheadh laistigh de thrí mhí de dháta foilseacháin an ailt nó de tharlú na hiompraíochta.

An gcaithfí go mbeinn féin thíos leis an alt nó an iompraíocht?

Chaithfí. Chaithfeá a thaispeáint go raibh tú féin thíos leis go díreach, agus go raibh baint dhíreach agat féin leis an alt nó an iompraíocht atá i gceist.

Conas a dhéanaim gearán?

Tá dhá chéim i bpróiseas na ngearán.

1 Ba chóir duit an Cód Cleachtais a sheiceáil go bhfeicfidh tú an ndéanann an t-alt nó iompraíocht na hiriseora faoin ar mhaith leat gearán a dhéanamh, foráil amháin de chuid an Chóid nó níos mó a shárú. Má shíleann tú go ndéanann, ba cheart duit litir a scríobh chuig eagarthóir an fhoilseacháin ag déanamh do ghearáin agus ag míniú conas ar sáraíodh an Cód, dar leat.

2 Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fhaigheann tú ón eagarthóir, nó mura bhfaigheann tú freagra ón eagarthóir laistigh de thréimhse réasúnta ama - abair, coicís – is féidir leat gearán a chur isteach chuig ár n-oifig. Tá sonraí teagmhála na hoifige ar leathanach 8.

Caithfidh go mbeidh do ghearán:

- I scríbhinn
- Ag léiriú go soiléir cén fhoráil nó forálacha den Chód Cleachtais a shíleann tú atá sáraithe
- Ag gabháil leis an alt i gceist, leis an dáta air, nó leagan scanta a thaispeánann an dáta foilseacháin go soiléir (más faoi alt atá do ghearán)
- Ag gabháil le cóipeanna d'aon chomhfhreagras idir tusa agus eagarthóir an fhoilseacháin

Is féidir leat do ghearán a chur isteach i leagan scríofa, i ríomhphost, nó úsáid a bhaint as ár bhfoirm gearáin ar líne ag www.pressombudsman.ie
Má dhéanann tú do ghearán i bhfoirm ríomhphoist, caithfidh tú an t-alt bainteach a chur chugainn mar chóip chrua laistigh de sheacht lá, nó mar cheangaltán nó nasc leis an ríomhphost.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an oifig seo roimh ghearán a dhéanamh má tá tú éiginnte faoi aon ghné dár nósanna imeachta.

An féidir leis an Ombudsman Preasa diúltú gearán a imscrúdú?

Ní dhéanfaidh an tOmbudsman imscrúdú ar ghearán:

- Mura sáraíonn an gearán an Cód Cleachtais
- Más ábhar imeachtaí dlí é an gearán
- Mura bhfuil tú thíos leis an alt nó an iompraíocht go díreach
- Má dhéantar an gearán taobh amuigh de na teorainneacha ama

Conas a réitítear gearáin?

Déanfaidh Oifig an Ombudsman Preasa, sa chéad ásc, iarracht an cheist a réiteach ach teagmháil a dhéanamh le heagarthóir an fhoilseacháin i gceist. Tabharfaidh sé cuntas ar do ghearán don fhoilseachán agus féachfaidh sé le réiteach a fháil air trí phróiseas idir-réitigh idir tusa agus an foilseachán. Níor cheart don phróiseas idir-réitigh níos mó ná sé seachtaine a thógáil ó dháta faighte do ghearáin.

Mura bhfuil idir-réiteach indéanta, déanfaidh an tOmbudsman an cás a imscrúdú go mion agus déanfaidh sé cinneadh. Tá an rogha ag an Ombudsman chomh maith roinnt de na gearáin shuntasacha nó choimpléascacha a chur ar aghaidh chuig Comhairle Preasa na hÉireann le haghaidh cinnidh.

An féidir liom cinneadh de chuid an Ombudsman Preasa a achomharc?

Is féidir. Chun achomharc a dhéanamh caithfidh tú d'fhorais a lua agus cúis réasúnta a thaispeáint, mar shampla infhaighteacht eolais shuntasaigh nua nó ceist nósanna imeachta. Caithfidh d'achomharc a bheith taiscthe le Comhairle Preasa na hÉireann laistigh de dhá sheachtain ó chinneadh an Ombudsman. Déanfaidh an Chomhairle gach cinneadh ag baint le hachomhairc. Tá comhcheart ag foilseachán achomharc a dhéanamh leis an gComhairle in aghaidh cinnidh de chuid an Ombudsman.

Má dhéanann an tOmbudsman Preasa cinneadh i m'fhabhar, cad a tharlaíonn ansin?

Beidh ar an bhfoilseachán atá i gceist cinneadh an Ombudsman a fhoilsiú go hiomlán agus le suntasacht chuí. Foilseofar an cinneadh ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman Preasa chomh maith.

An bhfuil sé saor in aisce i ndáiríre gearán a dhéanamh?

Tá, tá sé go hiomlán saor in aisce gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Preasa.

An Cód Cleachtais do Nuachtáin agus do Thréimhseacháin

Brollach

Tá saoirse foilsitheoireachta ríthábhachtach do cheart an Duine bheith ar an eolas. Mar chuid den tsaoirse seo, tá ceart ag nuachtáin na nithe a mheasann siad a bheith ina nuacht a fhoilsiú, gan eagla nó fabhar, agus an ceart a dtuairim a thabhairt faoi.

Tá freagrachtaí ag baint le saoirse an phreasa. Tá dualgas ar bhaill an phreasa na caighdeáin is airde gairmiúlachta agus eitice a chothú. Leagann an Cód seo amach an pointe cóimheasa do na caighdeáin sin.

Is é dualgas an Ombudsman Preasa agus Chomhairle Preasa na hÉireann a chinntiú go ndéantar é seo a urramú ní hé amháin i spiorad ach i gcleachtas chomh maith agus is é dualgas na bhfoilseachán cabhrú leo sa chion oibre sin.

Ag láimhseáil gearáin, déanfaidh an tOmbudsman agus an Chomhairle machnamh ar na nithe a mheasann siad is suim leis an bpobal. Is iadsan a shainmhíneoidh suim an phobail i ngach cás, ach is é an prionsabal ginearálta ná go ngairtear suim an phobail maidir le ceist ar féidir tionchar a bheith aige ar na daoine i gcoitinne sa dóigh is go mbeidh suim acu go dlisteanach i bhfáil eolais faoi, agus go beidh suim ag an bpreas go dlisteanach eolas a chur ar fáil faoi.

Prionsabal 1– Fírinne agus Cruinneas

1.1 Beidh sé den riachtanas, i dtuairisciú nuachta agus faisnéise, go bhféachfaidh nuachtáin agus tréimhseacháin i gcónaí le fírinne agus cruinneas a bhaint amach.

1.2 Beidh sé riachtanach, nuair a fhoilsítear míchruinneas suntasach, ráiteas míthreorach nó tuairisc nó pictiúr saobh, go gceartófar é chomh tapa agus le suntasacht chuí.

1.3 Beidh sé den riachtanas, nuair is cuí, go bhfoilseofar aistarraingt, leithscéal, soiléiriú, míniú nó freagra go tapa agus le suntasacht chuí.

Prionsabal 2 – Ag Idirdhealú idir Fíoras agus Barúil

2.1 Beidh sé riachtanach nach ndéanfar barúil, tuairimíocht, luaidreán nó tuairiscí neamhdhaingnithe a thuairisciú faoi mar gur fíorais iad, ach tá nuachtáin agus tréimhseacháin i dteideal a ndearcadh féin ar cheisteanna a mholadh go láidir.

2.2 Tá léitheoirí i dteideal a bheith ag dréim go ndéanann a bhfuil i bhfoilseachán an breithiúnas is fearr de chuid eagarthóirí agus scríbhneoirí a léiriú agus nach raibh aon tionchar ag sainleasa neamhluaite air. Nuair atá sé

ábhartha, ba cheart go luafaí aon suim airgeadais shuntasach atá ag eagraíocht. Ba cheart do scríbhneoirí coinbhleacht leasa fhéideartha a lua lena n-eagarthóir.

Prionsabal 3 – Cothroime agus Macántacht

3.1 Tá sé den riachtanas go ndéanfaidh nuachtáin agus tréimhseacháin a ndícheall i gcónaí a bheith cothrom agus macánta nuair atá nuacht agus eolas á mbailiú nó a bhfoilsiú acu.

3.2 Tá sé riachtanach nach bhfaighidh foilseacháin faisnéis, grianghraif nó aon ábhar eile trí mhífhaisnéis nó trí chalaois, ach amháin nuair atá sé ceart é seo a dhéanamh de réir leasa an phobail.

3.3 Níl cead ag iriseoirí nó grianghrafadóirí faisnéis agus grianghraif a fháil trí chiapadh, agus níl cead acu iarracht a dhéanamh iad a fháil ar an gcaoi sin, ach amháin nuair atá a ngníomhartha ceart de réir leasa an phobail.

Prionsabal 4 – Meas ar Chearta

Tá cosaint bunreachta ag ainm maith an uile dhuine. Tá sé riachtanach nach bhfoilseoidh nuachtáin agus tréimhseacháin go feasach aon ábhar ar bhonn mhífhaisnéise mailísí nó cúisimh gan aon bhonn. Caithfidh foilseacháin a bheith réasúnta cúramach i seiceáil na bhfíoras roimh fhoilsiú.

Prionsabal 5 – Príobháideacht

5.1 Is ceart daonna é príobháideacht, agus tá sé cosanta mar cheart daonna i mBunreacht na hÉireann agus i gCoinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine, atá comhshnaidhmthe i ndlí na hÉireann. Caithfear meas a léiriú ar shaol, ar bhaile agus ar chomhfhreagras príobháideach agus teaghlaigh gach duine.

5.2 Tá léitheoirí i dteideal nuacht agus barúil a bheith curtha i láthair le meas do phríobháideacht agus íogaireacht daoine. Níor chóir, áfach, don cheart chun príobháideachta cosc a chur ar fhoilsiú ábhair thaifid phoiblí nó ábhair a bhaineann le leas an phobail.

5.3 Caithfear comhbhá agus críonnacht a léiriú i gcónaí i gcuardach faisnéise i gcúinsí anacair phearsanta nó suaitheadh. I bhfoilsiú a leithéid d'fhaisnéise, ba cheart go dtabharfaí faoi bhráid mothúcháin teaghlaigh atá faoi bhrón. Níor cheart go mbreathnófaí air seo mar shrianadh ar an gceart le himeachtaí breithiúnacha a thuairisciú.

5.4 Tá baill den phobal i dteideal príobháideachta. Ach nuair atá duine fostaithe in oifig phoiblí, nuair a bhíonn sé/sí ag láimhseáil ceisteanna poiblí, má tá gairm phoiblí aige/aici, nó má chuardaigh nó fuair sé/sí poiblíocht le haghaidh a g(h)níomhartha, is féidir le foilsiú sonraí bainteacha lena s(h)aol agus cúinsí príobháideacha a bheith inchosanta, nuair a bhaineann an fhaisnéis a nochtfar le bailíocht iompair an duine, creidiúnacht a ráitis phoiblí,

luach a bharúla a luadh go poiblí nó i leas an phobail ar bhealach eile.

5.5 Níl sé inghlactha grianghraif a thógáil de dhaoine in áiteanna príobháideacha gan a gcead, ach amháin nuair atá sé ceart de réir leasa an phobail.

Prionsabal 6 – Cosaint Foinse

Tá sé riachtanach go gcosnóidh iriseoirí foinsí rúnda faisnéise.

Prionsabal 7 – Tuairisciú Cúirte

Tá sé den riachtanas go ndéanfaidh nuachtáin agus tréimhseacháin a ndícheall lena chinntiú go bhfuil tuairiscí cúirte (agus úsáid ghrianghraf) cothrom agus beacht, nach bhfuil siad dochrach don cheart le triail chothrom a fháil agus go n-urramaítear toimhde neamhchiontachta.

Prionsabal 8 – Gríosú chun Fuatha

Tá sé riachtanach nach bhfoilseoidh nuachtáin nó tréimhseacháin aon ábhar a bhfuil mar aidhm aige, nó atá dealraitheach, masla a chúiseamh nó fuath a spreagadh in aghaidh duine nó grúpa ar na boinn seo a leanas: cine, creideamh, náisiúntacht, dath, bunús eitneach,toisc gur den lucht siúil iad, inscne, claonta gnéis, stádas pósta, míchumas, tinneas nó aois.

Prionsabal 9 – Leanaí

9.1 Tá sé riachtanach go mbeadh nuachtáin agus tréimhseacháin an-chúramach i gcuardach agus i gcur i láthair faisnéise nó barúla faoi leanbh faoi 16 bliana d'aois.

9.2 Ba cheart go mbeadh aird ag iriseoirí agus eagarthóirí ar leochaileacht leanaí agus cuimhneamh ar aois an linbh i ngach déileáil leo, cibé acu an bhfuarthas cead ó thuismitheoirí nó daoine eile le haghaidh na ndéileálacha sin nó nach bhfuarthas, chomh maith le híogaireacht an ábhair, agus na cúinsí, má tá aon cheann ann, a dhéanann scéal ar suim an phobail é de. Ba cheart go mbeadh daoine óga saor lena n-am ar scoil a chríochnú gan cur isteach nach gá. Níl cead úsáid a bhaint as clú, droch-iomrá nó stádas tuismitheora nó caomhnóra mar chosaint amháin ar fhoilsiú sonraí maidir le saol príobháideach linbh.

Prionsabal 10 – Foilsiú Chinneadh an Ombudsman Preasa/ Chomhairle Preasa na hÉireann

10.1 Nuair a iarann an tOmbudsman Preasa agus/nó an Chomhairle Preasa é, tá sé riachtanach go bhfoilseoidh nuachtáin agus tréimhseacháin cinneadh an Ombudsman maidir le gearán le suntasacht chuí.

10.2 Déanfar athbhreithniú ar a bhfuil sa Chód seo go tráthúil.

Comhairle Preasa na hÉireann

1, 2 & 3 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: 01 648 9130 Facs: 01 674 0046

Ríomhphost: info@presscouncil.ie www.presscouncil.ie

Oifig an Ombudsman Preasa

1, 2 & 3 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón : Íosghlao 1890 208 080 Facs: 01 674 0046

Ríomhphost: info@pressombudsman.ie www.pressombudsman.ie